AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil 19.7.2011
SEC(2011) 947 leagan deireanach

**DOICIMÉAD OIBRE Ó FHOIREANN AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***A ghabhann leis an doiciméad***

# TOGRA LE hAGHAIDH RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

{COIM(2011) 451 leagan deireanach}
{SEC(2011) 948 leagan deireanach}

**DOICIMÉAD OIBRE Ó FHOIREANN AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***A ghabhann leis an doiciméad***

**TOGRA LE hAGHAIDH RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

Is éard atá sa doiciméad seo an achoimre feidhmiúcháin ar an Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair maidir le bearta lena bhfeabhsaítear éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chórais tacagraif atá ag gabháil leis an athbhreithniú a dhéanfar ar Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle.

## 1. AN FHADHB A SHAINIÚ

(1) Ó 1969 i leith, tá reachtaíocht shóisialta leagtha síos ag an Aontas Eorpach (AE) i réimse an iompair de bhóthar le feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar dhálaí oibre tiománaithe, agus le hiomaíocht chothrom a áirithiú i measc cuideachtaí iompair. I Rialachán (CE) Uimh. 561/2006,[1] leagtar síos tréimhsí uasta laethúla agus seachtainiúla le haghaidh tiomána agus íostréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla le haghaidh tiománaithe. Trí Threoir 2006/22/CE[2] agus Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle[3], dá ngairtear 'an Rialachán Tacagraif', tá beartas cuimsitheach forbartha ag an AE i dtaca le comhlíonadh na reachtaíochta sóisialta maidir le hiompar de bhóthar a sheiceáil agus cigireacht a dhéanamh air.

(2) Sa Rialachán Tacagraif leagtar síos caighdeáin theicniúla agus bunaítear na rialacha maidir le húsáid, cineálcheadú, suiteáil agus cigireacht tacagraf. Cruthaítear leis, dá bhrí sin, réimse oibleagáidí dlíthiúla do mhonaróirí, d'údaráis, d'oibreoirí agus do thiománaithe feithiclí iompair. I láthair na huaire, tá dhá chineál trealaimh taifeadta in úsáid. Chomh maith leis an tacagraf digiteach a tugadh isteach i bhfeithiclí a

---

[1] Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 agus Rialachán (CE) Uimh. 2135/98 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle, IO L 102, 11.4.2006, lch.1-13.

[2] I dTreoir 2006/22/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le coinníollacha íosta le haghaidh chur chun feidhme Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 agus Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le reachtaíocht shóisialta a bhaineann le gníomhaíochtaí iompair de bhóthar agus lena n-aisghairtear Treoir 88/599/CEE ón gComhairle IO L 102, 11.3.2006. lch. 35-43.

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1266/2009 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2009 lena ndéantar Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar a oiriúnú d'ascnamh teicniúil don deichiú hair as a chéile, IO L 339, 22.12.2009, lch. 3–23.

cláraíodh tar éis an 1 Bealtaine 2006, tá an tacagraf analóige in úsáid ó 1985 i leith agus tá sé fós in úsáid i bhfeithiclí níos sine.

(3) Ar bhonn na gcomhairliúchán a rinneadh agus na dtuarascálacha a rinne saineolaithe[4], tá dhá phríomhfhadhb aitheanta ag an gCoimisiún nach mór dul i ngleic leo ar leibhéal an AE:

- De réir na sonraí atá ar fáil, meastar go bhfuil na rialacha sóisialta á sárú ag sciar suntasach d'fheithiclí rialaithe. Meastar go bhfuil na rialacha tacagraif á sárú go háirithe ag timpeall an ceathrú cuid díobh sin. Ar an meán, ag am ar bith, tá rialacha tacagraif an AE á sárú ag tuairim is 45 000 feithicil. Meastar go bhfuil méadú beagnach EUR 2.8 billiún ar an gcostas don tsochaí de bharr tionóiscí arb é is cúis leo neamhchomhlíontacht leanúnach oibleagáidí maidir le híostréimhsí scíthe agus an tuirse a bhíonn ar thiománaithe dá bharr. Tugann sé buntáiste iomaíoch míchothrom dóibh siúd atá ag briseadh an dlí, tá tionchar diúltach aige ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus tá droch-impleachtaí sláinte aige do na tiománaithe.

- Is féidir tuilleadh feabhais a chur ar an mbealach ina n-éascaíonn an tacagraf (digiteach) obair na dtiománaithe agus ina dtacaíonn sé le héifeachtúlacht an iompair. Cé go bhfuil an tacagraf digiteach tar éis an t-ualach riaracháin ar na páirtithe leasmhara éagsúla a laghdú go substaintiúil, tá an costas comhlíontachta, a mheastar a bheith thart ar EUR 2.7 billiún, fós ró-ard.

(4) Cuirtear leis an dá fhadhb sin le leochaileacht fhoriomlán an chórais tacagraif i dtaca le calaois; éifeachtacht íseal na rialuithe agus éifeacht athchomhairleach neamhleor na smachtbhannaí; agus ar deireadh, toisc nach bhfuil barrfheabhsú go leor déanta ar úsáid an chórais tacagraif. Tá na réimsí faidhbe a bhaineann leis na trí ghníomhaí sin liostaithe i dTábla 1 thíos.

(5) Cé go mbíonn tionchar ag na fadhbanna aitheanta ar thiománaithe feithiclí tromshaothair agus ar ghnóthais a bhfuil an tacagraf in úsáid acu go príomha, bíonn tionchar acu freisin ar na Ballstáit agus a n-údaráis chigireachta, ar mhonaróirí tacagraf agus ar úsáideoirí eile bóithre.

---

[4] Airítear comhairliúchán laistigh den Choiste ainmnithe leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara (lena n-áirítear eagraíochtaí cigireachta agus póilíneachta mar aon le monaróirí); tionscadal SMART; tuarascáil an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde, an comhairliúchán poiblí le páirtithe leasmhara ó Nollaig 2009 go Márta 2010; comhairliúchán leis an gcoiste um idirphlé sóisialta earnála maidir le hiompar de bhóthar, agus tuarascáil ó shaineolaí neamhspleách atá deimhnithe ag painéal saineolaithe ó eagraíochtaí ábhartha.

**Tábla** 1 **Tábla sionoptach de ghníomhaithe agus de réimsí faidhbe**

| *Gníomhaithe aitheanta* | *Réimsí faidhbe* |
|---|---|
| **Gníomhaí 1: Leochaileacht an chórais tacagraif** | Ní bhíonn na séalaí ag feidhmiú i gceart mar tháscaire ar chúbláil tacagraif |
| | Leochaileachtaí na teicneolaíochta criptiúcháin |
| | Mí-úsáid cártaí tiománaí |
| | Ceardlanna calaoiseacha nó faillíocha |
| **Gníomhaí 2: Éifeachtacht íseal rialuithe agus éifeacht athchomhairleach neamhleor na smachtbhannaí** | Oiliúint neamh-chomhchuibhithe oifigeach forfheidhmithe |
| | Raon feidhme na sonraí ón tacagraf digiteach a bhíonn ar fáil d'oifigigh forfheidhmithe |
| | Beartas maidir le smachtbhannaí |
| **Gníomhaí 3: Níl barrfheabhsú go leor déanta ar úsáid an chórais tacagraif** | Forálacha neamhdhóthanacha an Rialacháin Tacagraif |
| | Teorainneacha teicniúla an tacagraif dhigitigh |
| | Ní dhéanann an tacagraf go leor le hobair na dtiománaithe a éascú |

## 2. ANAILÍS AR AN gCOIMHDEACHT

(6) Baineann an measúnú tionchair seo le bearta chun feabhas a chur ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht an chórais tacagraif a úsáidtear chun comhlíontacht leis an reachtaíocht shóisialta thuasluaite a áirithiú. Sa mheasúnú tionchair, féachtar ar roghanna chun athbhreithniú a dhéanamh ar Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85, atá bunaithe ar Airteagal 71 de Chonradh CEE (Airteagal 91 den CFAE), agus déantar anailís ar na roghanna sin. Bunaíodh breisluach an AE nuair a tugadh isteach an Rialachán sin, agus tá na hargóintí a thugann bunús don bhreisluach sin ábhartha i gcónaí.

(7) Tá na hargóintí sin á ndéanamh toisc gur léir anois, níos mó ná riamh, gur iompar trasnáisiúnta é an t-iompar de bhóthar laistigh den AE. Tá sé sin amhlaidh mar gheall ar an méadú ar thrádáil trasteorann agus ar fhás eacnamaíoch, méadú ata ag tarlú de bharr mhéadú an AE agus de bharr léirscaoileadh an tionscail tarlaithe bóthair san Eoraip. Tá an reachtaíocht shóisialta comhchuibhithe ar leibhéal an AE, agus ní mór go mbeadh an trealamh taifeadta comh-inoibritheach idir na Ballstáit d'fhonn comhlíonadh na reachtaíochta sin a dhearbhú. Ós rud é go bhfuil gné thrasnáisiúnta an iompair lasta bóthair ag dul i méid san AE, agus go bhfuil an reachtaíocht shóisialta comhchuibhithe, ní bheadh sé inmhianaithe tosú ag rialú trealaimh taifeadta ar leibhéal náisiúnta arís — go mór mór toisc go bhfuil an cineál rialaithe sin á dhéanamh ar leibhéal an AE le 25 bliain anuas.

(8) Maidir le smachtbhannaí, i dtuarascáil an Choimisiúin maidir le pionóis[5], léiríodh na dibhéirseachtaí idir na smachtbhannaí arna gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit i gcás sáruithe ar an Rialachán Tacagraif. Tá cúbláil tacagraf aicmithe cheana féin i reachtaíocht an AE mar cheann de na 'sáruithe is tromchúisí' ar liosta leathan na sáruithe ar rialacha an iompair thráchtála de bhóthar[6]. Mura ndéanfar comhchuibhiú ar íosmhéid d'éifeacht díspeagtha na smachtbhannaí arna gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit áfach, ní gá go mbeidh dianchomhlíontacht rialacha mar thoradh ar aicmiú den sórt sin, toisc go mbíonn cuideachtaí ag freagairt do na smachtbhannaí iarbhír seachas d'aicmiú sáruithe.

## 3. CUSPÓIRÍ THIONSCNAIMH AN AE

(9) Is iad aidhmeanna foriomlána na reachtaíochta sóisialta maidir le hiompar de bhóthar (na rialacha maidir le tréimhsí tiomána agus tréimhsí scíthe), feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar dhálaí oibre tiománaithe, agus iomaíocht chothrom a áirithiú i measc cuideachtaí iompair. Dá bhrí sin, is gné riachtanach den Chomhbheartas Iompair an reachtaíocht shóisialta maidir le hiompar de bhóthar d'fhonn spriocanna an Chonartha a bhaint amach amhail feabhas a chur ar shábháilteacht iompair (Airteagal 91.1(c) CFAE[7]), agus ar dhul chun cinn sóisialta (Airteagal 3.3 CAE[8]) agus margadh inmheánach a bhunú (Airteagal 3.3 CAE). Is é an Rialachán Tacagraif an uirlis phríomha chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíontacht na reachtaíochta sóisialta maidir le hiompar de bhóthar agus chun an chomhlíontacht sin a fhorghníomhú, agus áirítear a gcuirtear le spriocanna an Chonartha thuasluaite le sprioc ghinearálta na dtograí a ghabhann leis an measúnú tionchair seo.

(10) Ag an am céanna, is é atá ar intinn ag an gCoimisiún freisin cur leis na spriocanna atá leagtha amach sa Teachtaireacht maidir le *Better Regulation for Growth and Jobs in the European Union* (Rialáil Níos Fearr ar mhaithe le Fás agus Poist san Aontas Eorpach)[9] agus sa Straitéis chun an córas rialála a shimpliú[10]. Ba cheart do na tograí rannchuidiú leis an sprioc maidir leis an ualach riaracháin ar chuideachtaí a laghdú agus cáilíocht na reachtaíochta gnó a fheabhsú atá leagtha amach sa tionscnamh suaitheanta Eoraip 2020: 'Beartas tionsclaíoch do ré an domhandaithe'.[11]

(11) Is féidir an cuspóir ginearálta sin a aistriú go cuspóirí sonracha mar seo a leanas: ar dtús, feabhas a chur ar iontaofacht an trealaimh taifeadta; cur le héifeachtúlacht na

---

5 COIM(2009) 225.

6 Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh agus lena n-aisghairtear Treoir 96/26/CE ón gComhairle IO L300, 12.11.2009, lch.51-71.

7 Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

8 Conradh ar an Aontas Eorpach.

9 Teachtaireacht ón gCoimisiún, *Better Regulation for Growth and Jobs in the European Union* (Rialáil Níos Fearr ar mhaithe le Fás agus Poist san Aontas Eorpach), COIM(2005) 97 leagan críochnaitheach.

10 Teachtaireacht ón gCoimisiún, *Implementing the Community Lisbon programme: A strategy for the simplification of the regulatory environment* (Clár Liospóin an Chomhphobail a chur chun feidhme: Straitéis chun an córas rialála a shimpliú), COIM(2005) 535 leagan críochnaitheach.

11 Teachtaireacht ón gCoimisiún, *An Integrated Industrial Policy for the Globalisation Era — Putting Competitiveness and Sustainability at Centre Stage* (Beartas tionsclaíoch comhtháite do ré an Domhandaithe — An Iomaíocht agus an Inbhuanaitheacht a chur chun tosaigh), COIM(2010) 614.

seiceálacha ar chomhlíontacht leis an reachtaíocht shóisialta maidir le hiompar de bhóthar; agus ar deireadh na costais a bhaineann le húsáid an trealaimh taifeadta a laghdú, i bpáirt tríd an ualach riaracháin a bhaineann lena úsáid a laghdú.

(12) Bailítear roinnt sonraí a bhaineann le hiompar de bhóthar ar leibhéal an AE agus d'fhéadfaí iad a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar thionchar an rialacháin bheartaithe ar na cuspóirí sonracha atá liostaithe thuas[12]. Sa chomhthéacs sin, roghnaíodh na cuspóirí oibríochtúla seo a leanas mar gheall ar a n-úsáideacht chun a mhéid a bhaintear amach na cuspóirí sonracha a léiriú:

- Na 'sáruithe is tromchúisí'[13] ar rialacha tacagraif a dhíchur faoi 2020 (déanfaidh an Coimisiún monatóireacht ar bhonn na dtuarascálacha a chuirfidh na Ballstáit isteach amach anseo le haghaidh na tuarascála leathbhliantúla);
- An ráta braite sáruithe ar an reachtaíocht shóisialta in aghaidh na feithicle arna rialú ag seiceáil cois bóthair a mhéadú faoi dhó faoi 2020 i gcomparáid le 2008 (déanfaidh an Coimisiún monatóireacht ar bhonn na dtuarascálacha a chuirfidh na Ballstáit isteach amach anseo le haghaidh na tuarascála leathbhliantúla);
- An t-ualach riaracháin a bhaineann le húsáid an tacagraif dhigitigh a laghdú 20 % roimh 2020 i gcomparáid le 2010 (bunaithe ar mheastacháin arna soláthar ag Grúpa Stoiber agus ag tionscadal an AE maidir le tomhais bhonnlíne agus costais riaracháin a laghdú[14]).

## 4. ROGHANNA BEARTAS

(13) Chuir na comhairliúcháin le páirtithe leasmhara agus na tuarascálacha ó shaineolaithe maidir leis an ábhar[15] ar chumas an Choimisiúin sraith leathan beart aonair a aithint a mbeadh sé de chumas acu tabhairt faoi na fadhbanna a aithníodh. Rinneadh réamh-scagadh ar bhearta féideartha ina dhiaidh sin.

(14) Ina dhiaidh sin, cuireadh pacáistí beartais ar bun ar roghanna beartais inmharthana iad chun na cuspóirí sin a bhaint amach. B'éigean na beartais a dhéanamh ina bpacáistí ós rud é go bhfuil iontaofacht an chórais ó thaobh na slándála de ag brath ar shlándáil go leor dá ghnéithe, agus toisc go raibh gá le nósanna imeachta reachtacha éagsúla (coisteolaíocht vs comhchinnteoireacht). Is féidir cur síos a dhéanamh go hachomair ar na pacáistí beartais mar seo a leanas:

- Is pacáiste teicniúil atá dírithe ar fheabhas a chur ar an bhfearas tacagraif reatha é Pacáiste Beartais 1 (PB1).

12 Cf. staitisticí Eurostat agus fuinneamh agus iompar an AE i bhfigiúirí.

13 Tá na sáruithe is tromchúisí sainithe in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1071/2009: '2. Gan tacagraf agus/nó sriantóir luais a bheith feistithe nó úsáid a bhaint as gaireas calaoiseach lena ndéantar taifid an trealaimh thaifeadta agus/nó an tsriantóra luais a mhodhnú nó bileoga taifeadta nó sonraí a íoslódáiltear ón tacagraf agus/nó an cárta tiomána a fhalsú; (…) 6. Úsáid a bhaint ag tiománaí as cárta falsaithe tiománaí, nó as cárta nárbh eisean a shealbhóir, nó a fuarthas ar bhonn dearbhuithe bréagacha agus/nó ar bhonn doiciméad brionnaithe.'.

14 Cap Gemini, Tionscadal AE maidir le tomhais bhonnlíne agus costais riaracháin a laghdú, 2009.

15 Ibid fonóta 4.

- Is pacáiste de bhearta teicniúla atá i bPacáiste Beartais 2 (PB2) freisin, ach dhéanfaí feidhmiúlachtaí an tacagraif dhigitigh a leathnú go suntasach, agus bheadh cineál nua tacagraif dhigitigh mar thoradh air.
- Cuimsítear bearta neamhtheicniúla anuas ar na bearta i PB1 i bPacáiste Beartais 3 (PB3).
- Is meascán de bhearta teicniúla agus de bhearta feabhsúcháin córais (PB2+PB3) atá i bPacáiste Beartais 4 (PB4).

(15) I dTábla 2 thíos, tugtar forbhreathnú ar na bearta beartais a áirítear le gach pacáiste beartais.

**Tábla 2 Ábhar mionsonraithe na bpacáistí beartais**

| | *Pacáiste Beartais 1 (PB1)* | *Pacáiste Beartais 2 (PB2)* | *Pacáiste Beartais 3 (PB3)* | *Pacáiste Beartais 4 (PB4)* |
|---|---|---|---|---|
| ***Ionstraim(í) dlí*** | Plean oibre d'oiriúnú na sonraíochtaí teicniúla | Plean oibre d'oiriúnú na sonraíochtaí teicniúla<br>Athbhreithniú ar Rialachán 3821/85 chun ceanglais fheidhmiúla nua a chur leis | Athbhreithniú ar Rialachán 3821/85 chun rialacha nua maidir le húsáid tacagraf agus le cigireacht a dhéanamh orthu a chur leis | Plean oibre d'oiriúnú na sonraíochtaí teicniúla<br>Athbhreithniú ar Rialachán 3821/85 |
| ***Ábhar na bPacáistí Beartais*** | Teicneolaíocht criptiúcháin<br>Séalaí<br>Comhéadan leis na húsáideoirí | PB1 +<br>Feidhmeanna tacagraif (taifeadadh uathoibríoch agus de lámh)<br>Cumarsáid gan sreang i gcomhair seiceálacha cois bóthair<br>Comhéadan le feidhmchláir eile an Chórais Chliste Iompair | PB1 +<br>Ceardlanna<br>Cártaí tiománaí<br>Smachtbhannaí<br>Oiliúint oifigeach rialaithe<br>Rialacha maidir le húsáid | PB2 + PB3 |

## 5. ANAILÍS AR AN TIONCHAR

(16) I dTábla 3 thíos, tugtar achoimre ar mheasúnú ar an tionchar eacnamaíoch agus sóisialta, agus ar an tionchar ar an gcomhshaol.

**Tábla** 3 **Tábla achoimre ar an tionchar**

| | *Tionchair* | | | |
|---|---|---|---|---|
| | ***Pacáiste beartais 1*** | ***Pacáiste beartais 2*** | ***Pacáiste beartais 3*** | ***Pacáiste beartais 4*** |
| ***Comhlíontacht leis an reachtaíocht shóisialta*** | **Feabhas beag agus moillithe** teoranta do chalaois i dtaca le tacagraif (1/4 de gach cion faoin reachtaíocht shóisialta) | Tionchar PB1 + feabhas **mór ionchasach**<br><br>**Neamhchinnteacht mhór** maidir le scála na dtorthaí (**trádmhalartuithe** a bhfuil impleachtaí buiséadacha acu) | **Tionchar PB1 +** feabhas **mór ionchasach**<br><br>**Neamhchinnteacht mhór** maidir le scála na dtorthaí (**trádmhalartuithe** a bhfuil impleachtaí buiséadacha acu) | Tionchar PB1 + feabhas **mór ionchasach**<br><br>**Níos lú neamhchinnteachta** maidir le torthaí ná i gcás PB2 agus PB3 (**trádmhalartuithe móra** a bhfuil impleachtaí buiséadacha acu) |
| ***Tionchar eacnamaíoch*** | | | | |
| Feidhmiú an Mhargaidh Inmheánaigh agus iomaíocht | **Feabhas beag agus moillithe** teoranta do chalaois i dtaca le tacagraif (1/4 de gach cion faoin reachtaíocht shóisialta) | An measúnú céanna a bhaineann le comhlíontacht leis an reachtaíocht shóisialta | | |
| Iomaíochas | **Dearfach** le haghaidh monaróirí tacagraf | **An-dearfach** le haghaidh monaróirí tacagraf | **Dearfach** le haghaidh monaróirí tacagraf<br><br>**Neamhchinnte** le haghaidh ceardlann<br><br>**Dearfach** le haghaidh gnóthas nach é an t-iompar an phríomhghníomhaíocht acu | **An-dearfach** le haghaidh monaróirí tacagraf<br><br>**Neamhchinnte** le haghaidh ceardlann<br><br>**Dearfach** le haghaidh gnóthas nach é an t-iompar an phríomhghníomhaíocht acu |
| An t-ualach riaracháin agus fiontair bheaga agus mheánmhéide | **Diomaibhseach** | **- EUR 383.5 milliún** | **- EUR 142 milliún** | **- EUR 515.5 milliún** |
| Tionchar buiséadach ar údaráis | **Mion-**tionchar diúltach ar | Tionchar PB1 + tionchar diúltach **ionchasach** (suas le | Tionchar **mór diúltach ionchasach** (suas le | Tionchar PB1 + an tionchar **diúltach ionchasach is mó** ar an |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| phoiblí | leibhéal an AE | EUR 7 500 00) ar an leibhéal náisiúnta ach ag brath ar roghanna na mBallstát (**trádmhalartuithe** a bhfuil tionchar eile acu) | EUR 7750 000) ar an leibhéal náisiúnta ach ag brath ar roghanna na mBallstát (**trádmhalartuithe** a bhfuil tionchair eile acu)<br><br>Éifeacht **bheag dhearfach** smachtbhannaí | leibhéal náisiúnta ach ag brath ar roghanna na mBallstát (**trádmhalartuithe** a bhfuil tionchair eile acu)<br><br>Éifeacht **bheag dhearfach** smachtbhannaí |
| ***Tionchar sóisialta*** | | | | |
| Dálaí oibre, sláinte agus stíl mhaireachtála na dtiománaithe | Tionchar **dearfach ach moillithe** trí bhíthin chairdiúlacht fheabhsaithe an fhearais don úsáideoir | An measúnú céanna a bhaineann le comhlíontacht leis an reachtaíocht shóisialta | | |
| Sábháilteacht ar bhóithre | Tionchar **dearfach ach moillithe** trí bhíthin rochtana níos éasca le linn tiomána | An measúnú céanna a bhaineann le comhlíontacht leis an reachtaíocht shóisialta | | |
| Coireacht agus slándáil | Mion-tionchar | | Tionchar **beag dearfach** mar thoradh ar fhíneálacha níos iomchuí | |
| Cearta bunúsacha | **Gan tionchar ar bith** | | Tionchar **imeallach diúltach** ar an tsaoirse chun gnó a sheoladh | |
| ***Tionchar ar an gcomhshaol*** | **Tionchar imeallach dearfach** | | | |
| ***Tionchar ar réigiúin shonracha*** | Tionchar níos mó ag gach beart ar ghnóthais ó na Ballstáit le tuarastal ard (AE-15), sciar ard daoine féinfhostaithe. | | | |
| | Tionchar níos mó ar na Ballstáit le hearnáil iompair mhór nó sciar ard gnóthas iompair sa gheilleagar (an Ghearmáin, an Pholainn, an Spáinn, an Ísiltír, an Rómáin, an Liotuáin, Poblacht na Seice) | | | |
| | | | Éifeachtaí níos mó ag smachtbhannaí níos iomchuí sna Ballstáit ina bhfuil leibhéal íseal déine na smachtbhannaí inniu | |
| ***Tríú tíortha*** | **Tionchar moillithe ach comhchosúil ar thíortha AETR.** | | | |

## 6. PACÁISTÍ BEARTAIS A CHUR I gCOMPARÁID

(17) Mar atá léirithe i dTábla 4 thíos, meastar, ó thaobh éifeachtachta de, gurb é PB4 is tarraingtí ós rud é gur leis is fearr a d'fhéadfaí an dá sprioc shonracha a bhaint amach. Léirítear san anailís ar chomhchuibheas go bhfuil an chomhbhabhtáil is airde idir tionchar dearfach eacnamaíoch agus sóisialta ar thaobh amháin, agus tionchar buiséadach ar údaráis phoiblí ar an taobh eile ag PB4. Maidir le comhchuibheas, is é PB1 is fearr. Ar deireadh, tá PB4 ar an gceann is daoire ó thaobh na hinfheistíochta a theastaíonn, agus is é PB1 an ceann is saoire agus is fusa a chur chun feidhme, ós rud é gur féidir é a ghlacadh gan dul tríd an ngnáthnós imeachta reachtach.

**Tábla** 4 **Roghanna beartas a chur i gcomparáid**

| | *Éifeachtacht ualaithe* | *Éifeachtúlacht* | *Comhchuibheas* |
|---|---|---|---|
| ***PB0*** | - | - | - |
| ***PB1*** | Íseal go leor | Gan costas ar bith | Ard |
| ***PB2*** | Meánach | EUR 7.5 milliún | Trádmhalartuithe |
| ***PB3*** | Meánach | EUR 39 milliún | Trádmhalartuithe |
| ***PB4*** | Ard | EUR 46.5 milliún | Na trádmhalartuithe is airde |

(18) Nuair a chuirtear na gnéithe seo uile san áireamh, agus in éagmais anailíse iomláin costais is tairbhe, is cosúil go bhfuil tionchar dearfach PB4 i bhfad chun cinn ar na costais a bhainfeadh leis. Go deimhin, tá sé de chumas ag PB4 leis féin an t-ualach riaracháin a laghdú EUR 515.5 milliún, agus tá sé seo i bhfad níos airde ná an costas iomlán a bhainfeadh lena chur chun feidhme go hiomlán. Dá bhrí sin, tugann an anailís a rinneadh le tuiscint gur cheart gurbh é Pacáiste Beartais 4 rogha na tosaíochta.

## 7. MONATÓIREACHT AGUS MEASTÓIREACHT

(19) Déanfaidh an Coimisiún monatóireacht ar shraith táscairí mar atá léirithe i dTábla 5.

**Tábla 5 Monatóireacht a dhéanamh ar tháscairí**

| ***Cuspóirí oibríochtúla*** | ***Monatóireacht*** |
|---|---|
| ***Na 'sáruithe is tromchúisí' ar rialacha tacagraif a dhíchur faoi 2020*** | Déanfar an mhonatóireacht trí úsáid a bhaint as faisnéis nach mór do na Ballstáit a chur in iúl don Choimisiún gach dhá bhliain de bhun Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 |
| An ráta braite sáruithe ar an reachtaíocht shóisialta in aghaidh na feithicle arna rialú ag seiceáil cois bóthair a mhéadú faoi dhó faoi 2020 i gcomparáid le 2008 | Déanfar an mhonatóireacht trí úsáid a bhaint as faisnéis nach mór do na Ballstáit a chur in iúl don Choimisiún gach dhá bhliain de bhun Airteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 |
| ***An t-ualach riaracháin a bhaineann le húsáid an tacagraif dhigitigh a laghdú 20% roimh 2020 i gcomparáid le 2010*** | ***Déanfar monatóireacht ar uasghráduithe teicniúla ar threalamh tacagraif trí phléití le páirtithe leasmhara agus beidh sé bunaithe ar na meastacháin arna soláthar ag Grúpa Stoiber agus ag tionscadal an AE maidir le tomhais bhonnlíne agus costais riaracháin a laghdú*** |